

PACÁISTE AN SCOLÁIRE



DAONLATHAS AE I nGNÍOMH

Cuir do thuairim in iúl le
huirlisí an Tionscnaimh
Eorpaigh ó na Saoránaigh



An Tionscnamh
Eorpach ó na
Saoránaigh

Eagrán ceartaithe

Lucsamburg: Oifig Foilseachán an Aontais Eorpaigh, 2025

© An tAontas Eorpach, 2025



Déantar beartas athúsáide an Choimisiúin Eorpaigh a chur chun feidhme faoi Chinneadh 2011/833/AE ón gCoimisiún an 12 Nollaig 2011 maidir le hathúsáid dhoiciméid an Choimisiúin (IO L 330, 14.12.2011, Ich. 39, ELI: <http://data.europa.eu/eli/dec/2011/833/oj>).

Ach amháin má shonraítear a mhalairt, údaraítear an doiciméad seo a athúsáid faoi cheadúnas *Creative Commons Attribution 4.0 International* (v35 (30.10.2025) CC BY 4.0) (<https://creativecommons.org/licenses/by/4.0/>). Ciallaíonn sé sin go gceadaítear a athúsáid, ar choinníoll go dtugtar an chreidiúint chuí agus go léirítear aon athrú a dhéantar.

Chun eilimintí nach bhfuil faoi úinéireacht an Aontais Eorpaigh a úsáid nó a atáirgeadh, d'fhéadfadh sé gur ghá cead a iarraidh go díreach ar shealbhóirí na gcearta ábhartha. Ní leis an Aontas Eorpach an cóipcheart i ndáil leis na heilimintí seo a leanas:

Clúdach: © Shutterstock/tai11

Print ISBN: 978-92-68-29642-4
PDF ISBN: 978-92-68-29641-7

doi:10.2792/7551173
doi:10.2792/6721486

KA-01-25-011-GA-C
KA-01-25-011-GA-N

AONAD 1: Réamhrá gairid maidir leis an Aontas Eorpach

OBAIR RANGA

LUACHANNA AE

Sé cinn de chroí-luacha atá i gceartlár an Aontais Eorpaigh. Mínítear iad mar seo a leanas i gConradh Liospóin:

'Tá an tAontas fothaithe ar na luachanna seo a leanas: meas ar dhínt an duine, ar an tsaoirse, ar an daonlathas, ar an gcomhionannas, ar an smacht reachta, agus ar chearta an duine, lena n-áirítear cearta daoine ar de chuid mionlaigh iad. Is comhluachanna de chuid na mBallstát iad i sochaí ina bhfuil an t-íolrachas, an neamh-idirdhealú, an chaoifhulaingt, an ceartas, an dlúthpháirtíocht agus an comhionannas idir mná agus fir i réim.'

Airteagal 2 de Chonradh Liospóin



Féach ar na luachanna AE a liostaítear thíos. I do ghrúpa, déan iarracht iad a chur in ord tábhachta.

- a) Dínt an duine
- b) Saoirse
- c) Daonlathas
- d) Comhionannas
- e) An smacht reachta
- f) Cearta an duine


Úsáid an spás thíos chun nótaí a dhéanamh ar an bhfáth a chuir tú san ord seo iad agus déan iarracht an bhrí atá ag gach téarma aige duitse a shainiú. Ansin, pléigh do smaointe leis an gcuid eile den rang. Is féidir leat na mínithe ar lch. 31 a úsáid mar chabhair.



LIMISTÉAR SCHENGEN



Cé mhéad ball de limistéar Schengen an cuimhin leat? Scríobh sa bhosca thíos iad. Úsáid an mapa chun cabhrú leat (Limistéar Schengen i ndath gorm):



© An tAontas Eorpach, 2025.

Baill Limistéar Schengen (Meitheamh 2025)

Cé na Ballstáit de chuid an AE nach gcuireann Rialacha Schengen i bhfeidhm ina n-iomláine?



NA CEITHRE SHAOIRSE



Sannfaidh do mhúinteoir ceann de cheithre shaoire AE ort (earraí, caipiteal, seirbhísí, daoine) i gcás na saoirse a fhaigheann tú féin, déan nótaí faoi na ceannteidil seo a leanas le do ghrúpa agus ansin comhroinn leis an rang iad:

- 1) Cad iad na buntáistí do ghnólachtaí?
- 2) Cad iad na buntáistí do shaoránaigh AE?
- 3) Cén buntáiste a bhain tú féin astu?

RÉIMSÍ GNÍOMHAÍOCHTA AE

Taispeántar sa tábla thíos roinnt réimsí gníomhaíochta AE:

Aontas Custam	Iascach	Ceartha bunúsacha
Rialacha iomaíochta	Comhshaol	Sláinte phoiblí
Beartas airgeadaíochta	Cosaint tomhaltóirí	Taighde agus an spás
Trádáil	Iompar	Líonraí tras-Eorpacha
Plandaí agus ainmhithe mara	Fuinneamh	Ceartas
	Fostaíocht agus gnóthaí sóisialta	Talmhaíocht
	Margadh Aonair	Imirce agus gnóthaí baile
		Comhar forbartha agus cabhair dhaonnúil



Cad iad na réimsí gníomhaíochta ina gcuimsítear na cásanna seo a leanas?

1. Faigheann tú ráthaíocht dhá bhliain ar a laghad nuair a cheannaíonn tú ríomhaire glúine nua.
2. Faigheann tú cúiteamh, má chuirtear moill fhada ar d'eitilt, nó má chealaítear í.
3. Aithnítear cáilíochtaí a fuair tú i dtír AE amháin i dtíortha AE eile.
4. An t-íosmhéid 20 lá saor gach bliain d'fhostaí lánaimseartha.
5. Uasmhéid an troisc a cheadaítear d'iascairí breith air.
6. An méid fuinnimh (gás/leictreach) a chaithfidh teacht ó fhoinsí in-athnuaite fuinnimh, amhail fuinneamh na gréine agus fuinneamh gaoithe.
7. Uasmhéid na gcáithníní mín a cheadaítear a bheith san aer.

NÓTAÍ



ATHBHREITHNIÚ AR AN gCEACHT

CONARTHAÍ TÁBHACHTACHA

Is toradh é an tAontas Eorpach mar is eol dúinn inniu ar shraith conarthaí a chomhaontaigh a baill. Úsáid an leathanach fíricí ar lch. 28, nó an tIdirlíon, chun na ceistanna seo a leanas a fhreagairt.

Ex. 1) Cuir na conarthaí seo a leanas (a-e) san ord croineolaíoch ceart (1-5):

- a) Conradh Maastricht
- b) Conradh Pháras
- c) Coinbhinsiún Schengen
- d) Conradh na Róimhe
- e) Conradh Liospóin

1: ____ 2: ____ 3: ____ 4: ____ 5: ____

Ex. 2) Cé acu de na conarthaí thuas (a-e) a bhfuil cur síos á dhéanamh air thíos?

- I. Ba iarracht é an conradh seo chun síocháin a chinntiú san Eoraip tar éis an Dara Cogadh Domhanda. [____]
- II. Tugadh an tionscnamh Eorpach ó na saoránaigh isteach leis an gconradh seo. [____]
- III. Chumasaigh an conradh seo gluaiseacht idir tíortha AE gan aon seiceáil teorann. [____]
- IV. Cruthaíodh Comhphobal Eacnamaíochta na hEorpa leis an gconradh seo. ... [____]
- V. Cruthaíodh coincheap na Saoránachta Eorpaí leis an gconradh seo. [____]

LUACHANNA AE

Ex. 3) Maidir le gach ceann de na luachanna a liostaítear thíos, téigh ar líne, agus aimsigh roinnt gníomhaíochtaí AE a bhaineann leis na luachanna sin a chur chun cinn nó a chosaint.

- a) Dínit an Duine
- b) Saoirse
- c) Daonlathas
- d) Comhionannas
- e) An Smacht Reachta
- f) Cearta an Duine

Bí ullamh chun do fhreagraí a chomhroinnt le do ghrúpa ag tús an chéad aonaid eile.

LIMISTÉAR SCHENGEN

Is éard atá i Limistéar Schengen ná tíortha Eorpacha a chomhaontaigh deireadh a chur le seiceálacha teorann eatarthu.

Ex. 4) Déan cinneadh an bhfuil na ráitis seo a leanas fíor (T) nó (F)

- a) Tá gach ball Schengen ina lánbhall den Aontas. ...
- b) Tá 27 mball i Schengen faoi láthair. ...
- c) Ní gá aon chineál ID a bheith agat agus tú ag taisteal laistigh de limistéar Schengen. ...
- d) Más saoránach AE thú ag taisteal ón nGréig go dtí an Eastóin de bhóthar, beidh ort dul trí rialuithe teorainn ar an tslí. ...
- e) Tá cónaí ort sa Spáinn agus tá cara ag teacht chugat ó Eacuadór. Faigheann an cara víosa agus tuirlingíonn sí sa Spáinn. Socraíonn sibh beirt eitilt chuig cara sa Fhrainc ar feadh cúpla lá. Beidh ar do chara iarratas a dhéanamh ar víosa eile. ...

AN MARGADH AONAIR AGUS AN TAONTAS CUSTAM

Tá sé mar aidhm ag an Aontas cur ar chumas shaoránaigh AE staidéar, maireachtáil, siopadóireacht, oibriú agus dul ar scor in aon tír AE agus taitneamh a bhaint as táirgí ó gach cearn den Aontas. Chun seo a dhéanamh, cinntíonn sé saorghluaiseacht earraí, seirbhísí, caipitil agus daoine i margadh aonair inmheánach AE. Trí bhacainní teicniúla, dlíthiúla agus maorlathacha a bhaint, ceadáíonn an tAontas do shaoránaigh trádáil agus gnó a dhéanamh gan bhac.

Ex. 5) I gcás gach ceann de na ráitis seo a leanas, socraigh na saoirsí atá á bhfeidhmiú. Ciorclaigh do fhreagra(i).

- a) Socraíonn tú teach saoire a cheannach i dtír AE eile agus fanacht ann go rialta i rith na bliana.
Earraí/seirbhísí/caipitil/daoine.
- b) Oibríonn tú mar aistritheoir atá lonnaithe i do thír dhúchais, agus oibríonn tú do chliant ó ar fud an Aontais agus faigheann tú íocaíocht uathu.
Earraí/seirbhísí/caipitil/daoine.
- c) Ba mhaith leat do ghnó a leathnú trí chuideachta a ghlacadh i dtír AE chomharsanachta agus do tháirgí a chur ar díol ansin. Earraí/seirbhísí/caipitil/daoine/bunaíocht.
- d) Is táirgeoir ola olóige tú, agus osclaíonn tú siopa gréasáin chun do tháirgí a dhíol go díreach ó d'fheirm.
Earraí/seirbhísí/caipitil/daoine.
- e) Téann tú chun staidéar a dhéanamh in ollscoil i dtír AE eile. Fad atá tú ann, tógann tú post páirtaimseartha i mbialann um thráthnóna. Earraí/seirbhísí/caipitil/daoine.

RÉIMSÍ GNÍOMHAÍOCHTA AE

Ní féidir leis an Aontas Eorpach gníomhú ach amháin sna réimsí sin ina bhfuil a bhallstáit údaraithe dó déanamh amhlaidh, trí chonarthaí AE.

Ex. 6) Léiríonn an tábla ar lch. 32 roinnt réimsí gníomhaíochta AE. Roghnaigh trí cinn de na réimsí seo agus téigh ar líne agus faigh sampla amháin de rialacha/gníomhartha dlí a ghlac an tAontas le haghaidh gach réimse. Is féidir leat ‘dlí AE ar...’ a chuardach ar Google.

Ex. 7) Tá trí leibhéal inniúlachta ag an Aontas, líon isteach an cineál inniúlachta atá in easnamh:

- Inniúlacht....., i gcás inar féidir leis na Ballstáit reachtaíocht a dhéanamh agus bearta atá ceangailteach ó thaobh dlí a ghlacadh mura bhfuil sin déanta ag an Aontas.
- Inniúlacht....., i gcás ina nglacann an tAontas bearta chun tacú le beartais na mBallstát nó chun iad a chomhlánú.
- Inniúlacht....., áit arb é an tAontas amháin ar féidir leis reacht a rith, agus ní dhéanann Ballstáit ach é a chur i bhfeidhm.

ULLMHAIGH DON CHÉAD CHEACHT EILE

Sa chéad cheacht eile, beidh tú ag féachaint ar conas a oibríonn an daonlathas san Aontas Eorpach. Roimh an gceacht, f éach an féidir leat na ceistanna seo a leanas a fhreagairt. Bí réidh le hiad a phlé leis na scoláirí eile.

- Cé hé d’ionadaí i bParlaimint na hEorpa (FPE)?
- Cathain a reáchtálfar na chéad toghcháin Eorpacha eile?
- Cén aois a chaithfidh tú a bheith chun vótáil sna toghcháin Eorpacha?
- Má tá cónaí ort i dtír AE eile, an féidir leat vótáil sna toghcháin Eorpacha fós?
- Cé a dhéanann na dlíthe i do thír agus conas a ritear iad?

Naisc le haghaidh tuilleadh eolais (Tá gach suíomh ar fáil i ngach teanga oifigiúil, roghnaigh do cheann féin).

[Stair an Aontais Eorpaigh](#)



[Cearta an duine san Aontas Eorpach](#)



[Siombailí an Aontais Eorpaigh](#)



[Baill an Aontais Eorpaigh](#)



GNÍOMHAÍOCHT ROGHNACH



Don chéad cheacht eile, déan nóta de na rudaí a dtagann tú orthu i do shaol laethúil a raibh tionchar ag reachtaíocht AE orthu. Bí réidh lena bhfuil aimsithe agat a phlé sa chéad cheacht eile.



AONAD 2: An Daonlathas san Aontas Eorpach

OBAIR RANGA

NA COMHLACHTAÍ CINNTEOIREACHTA AE

Míneoidh do mhúinteoir na trí phríomhchomhlacht cinnteo ireachta san Aontas Eorpach. Is féidir leat na boscaí faisnéise seo a leanas a úsáid chun cabhrú leat.

Cad a dhéanann an Coimisiún Eorpach?

Déanann sé tograí maidir le dlíthe nua

Is é an Coimisiún Eorpach an t-aon institiúid AE a bhfuil an ceart aige dlíthe a chur síos lena nglacadh ag Parlaimint na hEorpa agus ag Comhairle an Aontais Eorpaigh:

- lena gcosnaítear leasanna AE agus a shaoránaigh a chosaint ar shaincheistanna nach féidir déileáil leo go héifeachtach ar an leibhéal náisiúnta
- lena bhfóraítear na sonraí teicniúla trí dhul i gcomhairle le saineolaithe agus leis an bpobal

Bainistíonn sé beartais AE agus leithdháileann sé cistiú AE

- socraíonn sé tosaíochtaí caiteachais AE, in éineacht leis an gComhairle agus leis an bParlaimint
- leagann sé amach buiséid bhliantúla lena bhformheas ag an bParlaimint agus ag an gComhairle
- maoirsíonn sé an tslí a gcaitear an t-airgead, faoi imscrúdú Chúirt na nInniúcháirí

Forfheidhmíonn sé dlí AE

- in éineacht leis an gCúirt Bhreithiúnais, cinntíonn sé go gcuirtear dlí AE i bhfeidhm i ngach ballstát

Is ionadaí idirnáisiúnta é don Aontas Eorpach

- labhraíonn sé thar ceann thíortha uile AE i bhforais idirnáisiúnta, go háirithe i réimsí an bheartais trádála agus na cabhrach daonnúla
- idirbheartaíonn sé comhaontuithe idirnáisiúnta thar ceann an Aontais

Comhdhéanamh

Soláthraíonn foireann de 27 Coimisinéir ceannaireacht pholaitiúil (duine amháin ó gach tír AE) – faoi cheannas Uachtarán an Choimisiúin, a chinneann cé a bheidh freagrach as na réimsí beartais éagsúla. An Chomhairle Eorpach a ainmníonn an tUachtarán (a dhéanann ionadaíocht thar ceann na gCeannairí Stáit nó rialtais ó gach tír) ag cur torthaí thoghcháin Pharlaimint na hEorpa san áireamh. Formheasann Parlaimint na hEorpa é/i ansin. Is iad a dtíortha féin a ainmníonn na comhaltaí eile agus téann siad trí nós imeachta formheasa a bhfuil baint ag an Uachtarán nua, ag Parlaimint na hEorpa agus ag an gComhairle Eorpach leis.

[An Coimisiún Eorpach](#)



Cad a dhéanann Comhairle an Aontais Eorpaigh?

- Déanann sé dlíthe a chaibidliú agus a ghlacadh
- Is cinnteoir riachtanach AE é an Chomhairle.
- Déanann sé achtanna reachtacha a idirbheartú agus a ghlacadh i bhformhór na gcásanna in éineacht le Parlaimint na hEorpa. Tá sé comhdhéanta d'airí ó gach tír AE.
- Comhordaíonn sé beartais na mBallstát

Tá an Chomhairle freagrach as beartais na mBallstát a chomhordú i réimsí sonracha, amhail:

- beartais eacnamaíocha agus fhioscacha
- oideachas, cultúr, an óige agus spórt
- polasaí fostaíochta

Forbraíonn sé comhbheartas eachtrach agus slándála AE

Déanann an Chomhairle beartas eachtrach agus slándála AE a shainiú agus a chur chun feidhme ar bhonn treoirlínite arna leagan síos ag an gComhairle Eorpach. Áirítear leis seo, leis, cabhair forbartha agus daonnúil, cosaint agus trádáil AE.

Tugann sé comhaontuithe idirnáisiúnta chun críche

Soláthraíonn an Chomhairle an sainordú don Choimisiún chun idirbheartaíocht a dhéanamh ar son comhaontuithe AE idir an tAontas agus tíortha nach bhfuil san Aontas agus eagraíochtaí idirnáisiúnta. Ag deireadh na hidirbheartaíochta, cinneann an Chomhairle an síniú agus críoch an chomhaontaithe.

Glacann sé buiséad AE

Glacann an Chomhairle buiséad AE in éineacht leis an bParlaimint.

Clúdaíonn tréimhse an bhuiséid bliain féilire. Glactar leis de ghnáth i mí na Nollag agus tosaíonn sé an 1 Eanáir an bhliain dár gcionn.

[An Chomhairle](#)



Cad a dhéanann Parlaimint na hEorpa?

Reachtaíonn sé

- Dlíthe AE a rith, in éineacht le Comhairle AE, bunaithe ar thograí an Choimisiúin Eorpaigh
- Comhaontuithe idirnáisiúnta a chinneadh
- Méaduithe a chinneadh
- Athbhreithniú a dhéanamh ar chlár oibre an Choimisiúin agus iarraidh air reachtaíocht a mholadh

Maoirsíonn sé

- Scrúdú daonlathach ar institiúidí uile AE [bain úsáid as teanga shimplí anseo chun go mbeidh tuiscint níos fearr ag na scoláirí]
- Uachtarán an Choimisiúin a thoghadh agus an Coimisiún a fhormheas mar chomhlacht. An fhéidearthacht go ndéanfaí tairiscint cháinte a vótáil, a chuirfeadh iallach ar an gCoimisiún éirí as
- Urscaoileadh a dheonú, i.e., an bealach ar caitheadh buiséid AE a cheadú
- Achainíocha ó shaoránaigha scrúdú agus ceisteanna a leagan amach
- Beartas airgeadaíochta a phlé leis an mBanc Ceannais Eorpach
- An Coimisiún agus an Chomhairle a cheistiú
- Tuairimí ar thoghcháin

Ullmhaíonn sé an buiséad

- Buiséad AE a ghlacadh, in éineacht leis an gComhairle
- Buiséad fadtéarmach AE, an 'Creat Airgeadais Ilbhliantúil', a fhormheas

Comhdhéanamh

Bíonn toghcháin ann gach cúig bliana. Tá líon na bhFeisirí de Pharlaimint na hEorpa do gach tír ar cóimhéid, isteach is amach, lena daonra: ní féidir le tír ar bith níos lú ná seisear nó níos mó ná 96 Feisire Eorpach a bheith aici agus ní féidir leis an líon iomlán a bheith níos mó ná 750 (móide an tUachtarán). Sa sainordú 2024-2029, is é líon na FPEanna ná 719 móide an tUachtarán. Grúpáiltear Feisirí Eorpacha de réir cleamhnacht pholaitiúil, agus ní de réir náisiúntachta.

Déanann an tUachtarán ionadaíocht ar an bParlaimint d'institiúidí AE eile agus don domhan lasmuigh agus tugann sé an cead deiridh do bhuiséad AE.

[Parlaimint an Aontais Eorpaigh](#)



NÓTAÍ



ATHBHREITHNIÚ AR AN gCEACHT

PRÍOMHINSTITIÚIDÍ CINNTEOIREACHTA AN AONTAIS EORPAIGH

Tá trí phríomhchomhlacht ann a oibríonn le chéile chun cinneadh a dhéanamh ar dhlíthe agus ar rialacha an Aontais Eorpaigh. Is iad sin: an Coimisiún Eorpach, Parlaimint na hEorpa, agus Comhairle an Aontais Eorpaigh.

Ex. 1) Cé acu de na hinstitiúidí seo a leanas a bhfuil cur síos orthu thíos? Scríobh 'Cm' don Choimisiún, 'P' don Pharlaimint, agus 'Cn' don Chomhairle.

Cuimhnigh, is féidir leat an t-idirlíon a úsáid chun faisnéis a fháil.

- a) Seachtar ball is fiche atá ag na comhlachtaí seo. ()
- b) Vótálann saoránaigh AE go díreach ar son chomhaltaí an chomhlachta seo. ()
- c) Déanann an comhlacht seo tograí reachtacha. ()
- d) Aire amháin ó gach Ballstáit atá sa chomhlacht seo. ()
- e) Ní mór don dá chomhlacht seo dlí a aontú sular féidir é a rith. ()
- f) Tá gach ball den chomhlacht seo freagrach as réimse beartais ar leith. ()
- g) Tá an comhlacht seo freagrach as maoirseacht a dhéanamh ar chomhlachtaí AE eile. ()
- h) Formheasann an dá chomhlacht seo an buiséad don Aontas Eorpach. ()

San Aontas Eorpach, is comhlachtaí daonlathacha iad ar rialtais stáit agus áitiúla. Ach tá slite eile le stát a rialú. Úsáid an tIdirlíon nó foclóir chun cabhrú leis an gcleachtadh seo a leanas.

Ex. 2) Meaitseáil an córas rialtais ar chlé leis an sainmhíniú ar dheis.

- | | |
|----------------------------|---|
| a) Ainriail | 1. Cineál rialtais ina rialaíonn an rialóir oidhreachtúil as féin. Ní bhíonn teorainn lena chumhacht. |
| b) Monarcacht absalóideach | 2. Cineál rialtais inarb é a shainchomhartha ceannaire nó grúpa ceannairí neamhthofa atá i gcumhacht agus gan mórán srianta lena gcumhacht. Is minic a bhíonn tacaíocht acu ón arm. |
| c) Dialathas | 3. Sochaí arna comhdhéanamh faoi shaoirse gan údarás ná comhlacht rialaithe. |
| d) Olagarcacht | 4. Stát a rialú trí threoir dhíreach dhiaga nó ag oifigigh a mheastar a bheith faoi threoir dhiaga. |
| e) Deachtóireacht | 5. Sochaí atá á rialú ag daoine a bhfuil saibhreas nó ioncam mór acu. |
| f) Plútacratachas | 6. Cineál struchtúr cumhachta ina luíonn an chumhacht le líon beag daoine. |

PRÓISEAS DÉANTA DLÍTHE AE

De ghnáth déantar dlíthe nua san Aontas de réir nós imeachta caighdeánach a mbíonn na trí chomhlacht reachtacha AE bainteach leis: an Coimisiún Eorpach, Parlaimint na hEorpa, Comhairle an Aontais Eorpaigh.

Ex. 3) Léigh na ráitis seo a leanas agus cinntigh an bhfuil siad fíor (F) nó bréagach (B). Má tá siad bréagach, bí réidh le míniú cén fáth.

- Is féidir le gach ceann de na trí institiúid an próiseas reachtach a thionscnamh. ()
- Ní mór don Pharlaimint agus don Choimisiún aontú le dlí chun dlí a rith. ... ()
- Féadfaidh an Pharlaimint agus an Chomhairle araon tograí a leasú. ()
- Tá próiseas comhairliúcháin ann sula ndéantar an togra. ()
- Is féidir leis an Aontas dlíthe a dhéanamh ar aon ábhar a roghnaíonn sé. .. ()



AN TIONSCNAMH EORPACH Ó NA SAORÁNAIGH

Is bealach é an tionscnamh Eorpach ó na saoránaigh (ECI) do shaoránaigh Eorpacha chun tionchar a imirt ar bheartais AE. Is cineál daonlathais rannpháirtíochta é.

Is féidir le saoránach Eorpach ar bith atá sean go leor le vótáil i dtoghcháin Eorpacha tús a chur le tionscnamh Eorpach ó na saoránaigh nó tacú leis. Is féidir leis an aois ag ar féidir le daoine vótáil i dtoghcháin na hEorpa a bheith difriúil: cé gur 18 a theastaíonn i bhformhór na dtíortha, is 17 a theastaíonn sa Ghréig agus 16 san Ostair, i Málta agus sa Bheilg (ó Bhealtaine 2023). Is féidir le tíortha AE an aois tacaíochta do thionscnamh Eorpach ó na saoránaigh a ísliú go 16; tá sé seo déanta ag an Eastóin agus an nGearmáin. Seiceáil an stádas is déanaí maidir le do

thír: https://citizens-initiative.europa.eu/data-requirements_ga.



ULLMHAIGH DON CHÉAD CHEACHT EILE

Bí réidh leis na ceistanna seo a leanas a phlé le do chomhscoláirí:

- 1) Cén aird a thugann tú ar oibriú an Aontais Eorpaigh? An leanann tú ar na meáin shóisialta/an nuacht iad?
- 2) An measann tú gur cinntí daonlathach iad na cinntí a dhéanann an tAontas Eorpach?
- 3) An bhfuil slite ann ina bhféadfaí an tAontas Eorpach a dhéanamh níos daonlathaí?
- 4) An bhfuil rud ar bith a cheapann tú a bheadh ina smaoineamh iontach do thionscnamh?

Go to <https://citizens-initiative.europa.eu/ga>. scrollaigh síos an leathanach chun cuid de na tionscnaimh déanacha a fheiceáil nó úsáid an táb 'Aimsigh tionscnamh' chun cuardach a dhéanamh. Aimsigh tionscnamh a mbeifeá sásta tacú leis. Don chéad cheacht eile, bí réidh leis an bhfáth a dtacódh tú leis an tionscnamh seo a mhíniú. Cad atá ar eolas agat cheana féin faoin gceist?



GNÍOMHAÍOCHT ROGHNACH

Cruthaigh suirbhé gairid do do chairde scoile le fáil amach cé mhéad atá ar eolas acu faoin mbealach a bhfeidhmíonn an tAontas Eorpach agus cad a bhfuil sé freagrach as. Déan anailís agus plé ar na torthaí sa rang.



AONAD 3: An tionscnamh Eorpach ó na saoránaigh

OBAIR RANGA

RIALACHA AN TIONSCNAIMH EORPAIGH Ó NA SAORÁNAIGH

Is cineál daonlathais rannpháirteach é an tionscnamh Eorpach ó na saoránaigh. Is bealach é do shaoránaigh AE tionchar a imirt ar mhúnú dlíthe agus beartas san Aontas. Féadfaidh gach duine atá sean go leor agus i dteideal vótáil i dtoghcháin do Pharlaimint na hEorpa tionscnamh a chlárú (má chomhlíonann sé critéir áirithe). Seo a leanas na céimeanna:

- 1) Aimsigh seisear daoine eile ó shé thír AE eile, a cháilíonn chun vótáil i dtoghcháin Eorpacha, chun foireann a dhéanamh in éineacht leat.
- 2) Sainmhínigh do chuspóirí agus iarr ar an gCoimisiún Eorpach an tionscnamh a chlárú.
- 3) Tar éis cinneadh dearfach a ghlacadh, foilsítear an tionscnamh ar shuíomh Gréasáin an tionscnaimh Eorpaigh ó na saoránaigh.
- 4) Bailigh ar a laghad 1 mhilliún síniú ó 7 dtír AE ar a laghad laistigh de 12 mhí (ar líne nó ar pháipéar).
- 5) Faigh fíorú ó údaráis náisiúnta do na ráitis tacaíochta.
- 6) Cuir do thionscnamh isteach chuig an gCoimisiún.
- 7) Cruinniú leis an gCoimisiún.
- 8) Éisteacht phoiblí ag Parlaimint na hEorpa.
- 9) Freagra ón gCoimisiún Eorpach.
- 10) Obair leantach ón gCoimisiún ar na bearta molta, más infheidhme.



CONAS A DHÉANFÁ FEACHTAS A FHORBAIRT? GLAC NÓTAÍ.

- Cén t-ainm a bheadh acu ar an bhfeachtas?
- Cad a dhéanfa chun comhpháirtithe a aimsiú i sé thír AE eile?
- Cad iad na rudaí a d'fhéadfadh airgead a chosaint ort?
- Conas a mbaileofa airgead do d'fheachtas?
- Conas a 'ndíolfá' do smaoineamh chun sínithe a fháil?
- Conas a tharraingeofa aird na meáin?



ATHBHREITHNIÚ AR AN gCEACHT

Ex. 1) Mar chuid den obair bhaile do Cheacht 2, iarradh ort cinneadh a dhéanamh ar thionscnamh a bhféadfá vótáil ar a shon. Fill ar an tionscnamh seo agus ar a shuíomh Gréasáin tiomnaithe agus déan nótaí faoi na nithe seo a leanas:

- 1) Cad a mheall chui g an tionscnamh tú ar dtús?
- 2) Cad iad na modhanna a d'úsáid na heagraithe chun tú a mhealladh isteach? Smaoinigh ar na hiarrachtaí a rinne siad chun tacú lena n-argóint. Cad iad na cineálacha rudaí a dúirt siad? Conas a d'úsáid siad íomhánna agus grafaic? Cén tionchar a bhí ag a heilimintí go léir i dteannta a chéile ort? Déan roinnt nótaí sna boscaí thíos.

Téacs

Pictiúr/Físeán

Grafaic

Eile

ULLMHAIGH DON CHÉAD CHEACHT EILE

Ex. 2) Gabh chuig https://citizens-initiative.europa.eu/find-initiative_ga?STATUS%5b0%5d=ANSWERED, mar a bhfaighidh tú na tionscnaimh ar thug an Coimisiún freagra orthu. Féach ar chuid acu agus seiceáil a láithreán gréasáin má tá ceann acu. Cén fáth ar éirigh leo, dar leat? Bí réidh chun iad a phlé ag tús an chéad cheachta eile.



Ex. 3) Smaoinigh ar an bhfeachtas ar vótáil tú air le linn an cheachta deiridh. Dá mbeadh an feachtas á rith agat, cad a dhéanfa chun go n-éireodh leis? Smaoinigh ar ghníomhartha a d'fhéadfá a dhéanamh ar líne agus as líne. Déan roinnt nótaí sa spás thíos.



GNÍOMHAÍOCHT ROGHNACH



Cruthaigh bosca moltaí nó eagraigh vótáil ar líne le fáil amach cad iad na ceisteanna atá ag déanamh inní do scoláirí eile i do scoil ag leibhéal na hEorpa. Cad a fuair tú amach?



AONAD 4: Tionscnamh Eorpach ó na saoránaigh a fhorbairt agus a chur chun cinn

OBAIR RANGA

CINEÁLACHA CUR CHUIGE I LEITH ÁITIÚ

Loighic:

An bhfuil ciall leis an smaoineamh? An bhfuil nasc díreach idir an gníomh a éilítear agus, mar shampla, feabhsuithe sa tsochaí/sa gheilleagar/sa saol laethúil/i gcúrsaí sláinte?

Mothúcháin:

An saincheist í seo a mbíonn eagla ar dhaoine roimpi? Cén difríocht dhearfach a dhéanfaidh sé dóibh má réitítear an cheist? Cén difríocht a dhéanfaidh sé dóibh mura réitítear an cheist? An saincheist í a fhéadann daoine comhbhá a bheith acu léi? An rud é seo a thugann dóchas do dhaoine?

Eitic:

An bhfuil ceist mhorálta anseo? An bhfuil an tsaincheist éagórach ó thaobh na moráltachta de? Ar chóir dúinn a bheith ag réiteach na ceiste díreach toisc gurb é an rud ceart é a dhéanamh (cé go bhféadfadh costas a bheith i gceist)?

Creidiúnacht:

An bhfuil foinsí iontaofa ann a thacaíonn le do mholadh (eolaíocht, taighde, etc.)? An bhfuil daoine aonair/grúpaí ann a bhfuil meas againn orthu (agus a léirigh go bhfuil siad eolach) a ghlac seasamh den chineál céanna nó a bhfuil baint acu le gníomhú?



OBAIR RANGA: TEACHT AR CHOMHTHUISCINT

Tá sé ríthábhachtach rudaí i bpáirt a aimsiú agus dearchthaí éagsúla na bpáirtithe éagsúla lena mbaineann a thuiscint agus dlíthe AE á ndéanamh. Bainfidh sé seo freisin leis an smaoineamh don dlí a thionscain saoránaigh ag baint úsáide as tionscnamh Eorpach ó na saoránaigh. Má éiríonn le tionscnamh Eorpach ó na saoránaigh 1 mhilliún síniú a bhailiú, agus má chinneann an Coimisiún togra dlí a chur ar aghaidh, beidh ar na comhreachtóirí, ar Pharlaimint na hEorpa agus ar an gComhairle teacht ar chomhréiteach. Sula ndéanfaidh sé reachtaíocht a mholadh, beidh ar an gCoimisiún tuairimí na bpáirtithe go léir a ndéanfar difear dóibh a bhreithniú; breithneoidh Feisirí na Parlaiminte an éifeacht ar na daoine agus ar na gnólachtaí ina dtoghcheantair; agus sa Chomhairle, breathnóidh ionadaithe gach tíre AE ar an tsaincheist ó leibhéal náisiúnta aonair, toisc go bhféadfaí tionchar níos mó nó tionchar difriúil a imirt ar thíortha seachas a chéile. Beidh ar na comhlachtaí seo go léir dul i mbun caibidlíochta agus comhréitigh má tá an tionscnamh le bheith ina dhlí.

OBAIR RANGA: PEARSANA



Sannfar ‘pearsa’ do do ghrúpa, duine samhailteach ar mhaith leat do thionscnamh a chur ina luí air nó uirthi. Cuir roinnt smaoine leis an tábla thíos a bhainfidh le do phearsa.

Rudaí a chuireann imní orm:	Rudaí a chuireann mothú sábháilteachta orm:

NÓTAÍ



ATHBHREITHNIÚ AR AN gCEACHT

Is í an obair bhaile atá agat don cheacht seo ná físeán a chruthú chun an tionscnamh atá roghnaithe agat a chur chun cinn. Seo na rialacha:

- Agus tú ag obair i ngrúpaí de thriúr nó ceathrar, déan físeán ag tacú leis an tionscnamh ar shocraigh tú air le linn an cheachta; níor cheart go mbeadh an físeán níos faide ná trí nóiméad.
- Is féidir leat ról carachtair a ghlacadh san fhíseán, (i.e. is féidir leat a bheith mar dhuine d'aoisghrúpa difriúil, le gairm eile, etc.).
- Más mian leat, is féidir leat ceol agus/nó grafaic a chur le d'fhíseán.
- Tá tú freagrach as cead a fháil chun scannán a dhéanamh in áiteanna áirithe nó daoine eile a chur san fhíseán más gá.
- Ba chóir go mbeadh liosta creidiúintí ann ina ndeirtear cé a bhí freagrach as cén chuid den tionscadal.



LEIDEANNA CHUN FÍSEÁN RATHÚIL A DHÉANAMH

Is í an phleanáil an rud is tábhachtaí chun go n-éireoidh le d'fhíseán. Sula smaoiníonn tú ar scannánú, ba cheart duit na nithe seo a leanas a dhéanamh:

- **Taighde ar do thionscnamh.** Beidh ort a chinntiú go bhfuil fíricí agus figiúirí iontaofa ar fáil duit.
- Roghnaigh na **ceisteanna is tábhachtaí**, dar leat. Cuimhnigh nach bhfuil ach trí nóiméad agat. Seans nach mbeidh tú in ann gach rud a rá.
- Smaoinigh ar ghrúpaí difriúla daoine **nach mbeadh ar aon aigne leatsa**. Cad iad na hargóintí a d'fhéadfadh a bheith acu i gcoinne do thionscnaimh? **Conas a fhreagrófa na hargóintí sin?**

Nuair a bheidh do chuid smaointe eagraithe agat, beidh sé in am do script a scríobh. Ba cheart go gcuimseodh sé seo an téacs agus na treoracha do na cainteoirí, d'oibreoir an cheamara, agus aon éifeachtaí a d'fhéadfadh gur mhaith leat a chur leis an bhfíseán nuair a bheidh an scannánú déanta agat. Smaoinigh ar na nithe seo a leanas:

- Ba chóir do d'fhíseán **labhairt go díreach leis an amharcóir**; ba chóir go mothódh an t-amharcóir go bhfuil tú ag caint leo. Mar sin, féach chuige go n-úsáideann tú an modh cainte ceart.
- Úsáid na cuir chuige éagsúla a d'fhoghlaim tú fúthu sa cheacht.. Úsáid iad le cuidiú leat cinneadh a dhéanamh ar conas smaointe a chur in iúl. **Úsáid teanga a chuimsíonn loighic, mothúcháin, eitic agus creidiúnacht**, cibé acu a chuidíonn leat d'argóint a dhéanamh.
- Smaoinigh **ar an lucht féachana a d'fhéadfadh a bheith agat**. Tá tú chun é seo a roinnt le comhscoláirí ach smaoinigh beagán ar conas ba cheart labhairt le duine cosúil le do mhúinteoir.
- **Bíodh an teanga soiléir agus díreach éasca**. Agus do script á scríobh agat, léigh amach os ard é féachaint cé chomh héasca is atá sé é a rá. **Is fearr abairtí gearra ná abairtí fada**.
- Nuair a cheapann tú go bhfuil an script críochnaithe agat, **léigh an téacs iomlán amach os ard féachaint cé chomh fada is a thógann sé**. Más faide ná trí nóiméad é, beidh ort é a chur in eagar. Cuimhnigh go b'fhéidir go mbeidh ort am a fhágáil le haghaidh gnéithe eile atá tú chun a chur san áireamh san fhíseán.

Is féidir leat d'fhíseán a phleanáil anois. Is maith an smaoineamh é scéalchlár a tharraingt. Is éard is scéalchlár ann ná plan den fhíseán ó thús deireadh. Is féidir leis a bheith garbh go leor, ach ba cheart go n-áireofaí ann na radhairc go léir agus gach rud a bheidh sa leagan deiridh. Gheobhaidh tú samplaí scéalchláir ar líne trí Google.

CUIMHNIGH:


- **Is féidir físeán maith a dhéanamh gan é a bheith casta.** Ná beartaigh rudaí a dhéanamh nach bhfuil ar do chumas a dhéanamh go teicniúil, b'fhéidir.
- Is féidir leat an ceamara ar d'fhón a úsáid. Seans go bhfuil bogearraí eagarthóireachta físeáin ar do ghléas ar féidir leat iad a úsáid chun eagarthóireacht a dhéanamh. Mura bhfuil, tá bogearraí eagarthóireachta físeáin saor in aisce ar fáil ar an idirlíon, e.g. OpenShot. Tabhair faoi deara gur tusa atá freagrach as aon rud a íoslódáilann tú a sheiceáil le haghaidh víreas srl., agus níor cheart duit do chuid faisnéise pearsanta a thabhairt amach. **Mura bhfuil tú cinnte faoi rud ar bith ar líne, iarr comhairle ar do mhúinteoir nó ar dhuine fásta freagrach eile.**
- Seachain, más féidir, **duine amháin a bheith ina shuí os comhair an cheamara ag aithris na scripte.** Is féidir leis seo a bheith leadránach agus deacair a scannánú, mar déanann daoine botúin. Déan iarracht an script a roinnt idir bhaill den ghrúpa, chun **éagsúlacht a chur ar fáil** agus é a dhéanamh níos fusa dóibh ar fad an méid atá le rá acu a fhoghlaim.
- Má tá cur amach agat ar bhogearraí eagarthóireachta, cuimhnigh gur féidir leat íomhánna nó grafaicí a ghearradh agus ceol nó guthú a úsáid. D'fhéadfadh ábhar a fhaigheann tú ar líne a bheith faoi réir cóipchirt, mar sin is smaoineamh maith é ábhar **saor ó dhleachtanna a úsáid.**
- Smaoinigh ar cheisteanna cosúil le soilsiú agus fuaime, go háirithe má tá tú chun scannánaíocht a dhéanamh lasmuigh, áit ar féidir le torann teacht ó fhoinsí mar an ghaoth, bóthar in aice láimhe, srl.
- Beidh tú féin sa scannán. **Smaoinigh ar cad a chaithfidh tú,** bí cinnte gur rud é a léiríonn an cineál teacht i láthair a theastaíonn uait. Ní gnách smideadh a bheith ag teastáil.
- Thar aon rud eile, ba chóir go mbeadh **sreabhadh agus fuinneamh** le brath ón bhfíseán.

Comhghairdeas

as an modúl seo a chríochnú agus tuilleadh a fhoghlaim faoin daonlathas san Aontas Eorpach. Chun go n-oibreoidh an daonlathas is gá go ndéanfaidh gach duine a chion féin, agus tá tú tar éis foghlaim conas slí amháin a úsáid chun ról gníomhach a bheith agat. Is deis é an tionscnamh Eorpach ó na saoránaigh chun do ghuth a chloisteáil, agus is féidir leat athrú dearfach a dhéanamh ní hamháin duitse ach do gach duine san Aontas Eorpach.

LEATHANACH FÍRICÍ FAOI CHONARTHAÍ AN AONTAIS EORPAIGH

Príomhchonartthaí AE



Léiríonn na conarthaí seo a leanas cúig gharsprioc thábhachtacha i stair an Aontais Eorpaigh. Más mian leat tuilleadh eolais a fháil, lean na naisc tar éis gach bosca eolais. Cuimhnigh, is féidir leat an teanga a athrú i ngach cás.

CONRADH PHÁRAS 1951

Tháinig an tAontas Eorpach ar an saol sna 1950í, tar éis dheireadh an Dara Cogadh Domhanda. Ba é an aidhm ná cosc a chur ar chogadh eile ar mhór-roinn na hEorpa. Ba é Conradh Pháras an chéad chéim i dtreo lánpháirtiú na hEorpa. Bhunaigh sé an Comhphobal Eorpach do Ghual agus Cruach, a thug le chéile sé thír Eorpacha (an Fhrainc, an Ghearmáin Thiar, an Iodáil, an Bheilg, Lucsamburg, agus an Ísiltír) a bhféadfadh trádáil guail agus cruach tarlú gan aon bhacainní eatarthu. Ba í príomhchuspóir an Chomhphobail Eorpaigh do Ghual agus Cruach ná geilleagair na náisiún Eorpach a bhí rannpháirteach a lánpháirtiú chun an baol coinbhleachta a laghdú agus é a dhéanamh soiléir dá mba rud é go raibh ball amháin ag baint úsáid as cruach chun airm a thiomsú mar ullmhúchán do chogadh féideartha.



CONRADH NA RÓIMHE 1957

Bhunaigh an conradh seo Comhphobal Eacnamaíochta na hEorpa (CEE) a thug 6 thír le chéile (an Bheilg, an Ghearmáin, an Fhrainc, an Iodáil, Lucsamburg, agus an Ísiltír) chun oibriú i dtreo lánpháirtíochta agus fás eacnamaíoch, trí thrádáil.

Chruthaigh sé cómhargadh bunaithe ar shaorghluaiseacht earraí, daoine, seirbhísí agus caipitil. Chruthaigh sé aontas custaim freisin, ag baint taraifí go himmheánach agus ag socrú comhtharaifí d'earraí a thagann ón taobh amuigh.

Is leis an gconradh seo a bunaíodh go leor de na hinstiúidí AE a bhfuil aithne againn orthu inniu:

- Comhairle na nAirí
- An Coimisiún
- An Tionól Parlaiminte (Parlaimint na hEorpa)
- An Chúirt Bhreithiúnais
- Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa



COINBHINSIÚN SCHENGEN 1990

Bunaíodh limistéar saorghluaiseachta, le Coinbhinsiún Schengen, gan aon rialuithe teorann idir na sínitheoirí. Corpraíodh é i ndlí AE ó shin agus is aidhm dhearbhaithé de chuid an Aontais Eorpaigh é anois.



CONRADH MAASTRICHT 1992

Is é seo an conradh lenár bunaíodh an tAontas Eorpach. I measc go leor rudaí eile, tugadh isteach leis an smaoineamh maidir leis an 'Saoránach Eorpach', a ligeann do shaoránaigh aon tír AE maireachtáil agus oibriú in aon Bhallstát eile. Thug sé cearta agus cosaintí eile dóibh freisin.

Cuid thábhachtach eile den chonradh ba ea gur bhunaigh sé an smaoineamh maidir le hairgeadra coiteann agus comhordú na mbeartas eacnamaíoch, as a dtiocfaidh cruthú an euro agus an Bhainc Cheannais Eorpaigh.

Láraigh an Conradh go leor freagrachtaí a bhí faoi chúram na rialtas náisiúnta roimhe seo chun comhchuibhiú breise a dhéanamh ar fud an Aontais Eorpaigh. Rinne sé roinnt athruithe freisin ar an struchtúr cumhachta laistigh d'institiúidí AE.



CONRADH LIOSPÓIN 2007

Thóg an Conradh seo ar na conarthaí a bhí i bhfeidhm ag an am sin agus leasaigh siad iad. Thug sé pearsantacht dhlíthea nach don Aontas Eorpach, rud a chiallaigh go bhféadfadh sé conarthaí a shíniú anois nó dul isteach in eagraíochtaí mar aon chomhlacht amháin. Rinne sé ceangal de réir dlí de Chairt na gCeart Bunúsach agus thug sé an luach dlíthiúil céanna dó agus atá ag na conarthaí. Shoiléirigh sé cad iad na nithe a bhfuil inniúlacht ag an Aontas ina dtaobh.

Rud an-tábhachtach, chinntigh an Conradh go mbeadh níos mó daonlathais ann, trí chumhacht Pharlaimint na hEorpa a mhéadú.

Chuir sé meicníocht ar fáil freisin do ghnáthshaoránaigh chun tionchar díreach a bheith acu ar bheartas agus ar dhlí AE. Seo an áit ar tugadh isteach an tionscnamh Eorpach ó na saoránaigh.



Croí-luachanna an Aontais Eorpaigh

DÍNIT AN DUINE

Is é coincheap dhínit an duine an creideamh go bhfuil luach ar leith ag gach duine de bhrí gur duine daonna é nó í agus ar an mbonn sin amháin. Níl baint ar bith aige lena n-aicme, a gcine, a n-inscne, a reiligiún, a gcumas, nó aon toisc eile seachas iad a bheith ina ndaoine.

Tugann dínit an duine údar maith do chearta an duine. Nuair a roinntear daoine agus nuair a thugtar luach dóibh bunaithe ar shaintréithe cosúil le haicme, inscne, reiligiún, agus mar sin de, cruthaíonn sé sochaithe éagothroma ina n-imíonn an t-idirdhealú ó smacht. Faigheann daoine a fhaigheann luach níos airde cóireáil fhabhrach. Is féidir aon duine nach bhfaigheann áit sa chatagóir faoi phribhléid a thréigean nó a chur faoi chois.

SAOIRSE

Tugann saoirse gluaiseachta an ceart do shaoránaigh gluaiseacht agus cónaí faoi shaoirse laistigh den Aontas. Cosnaítear saoirsí aonair amháil meas ar an saol príobháideach, saoirse smaoinimh, reiligiúin, tionóil, cainte agus faisnéise faoi Chairt um Chearta Bunúsacha an Aontais.

DAONLATHAS

Feidhmíonn an tAontas ar an daonlathas ionadaíoch agus rannpháirteach. Is ionann bheith i do shaoránach Eorpach agus cearta polaitiúla a bheith agat. Tá an ceart ag gach saoránach AE fásta seasamh mar iarrthóir agus vótáil i dtoghcháin do Pharlaimint na hEorpa. Tá sé de cheart ag saoránaigh AE seasamh mar iarrthóirí agus vótáil ina dtír chónaithe, nó ina dtír thionscnaimh. Is féidir le saoránaigh tionchar a imirt go díreach ar bheartas AE trí uirlisí amháil an tionscnamh Eorpach ó na saoránaigh.

COMHIONANNAS

Is éard is comhionannas ann cearta comhionanna a bheith ag gach saoránach os comhair an dlí. Tá prionsabal an chomhionannais idir mná agus fir mar bhonn agus mar thaca le gach beartas Eorpach agus is bonn é don lánpháirtíocht Eorpach. Baineann sé le gach réimse. Tháinig prionsabal an phá chomhionann as obair chomhionann chun bheith ina chuid de Chonradh na Róimhe i 1957.

AN SMACHT REACHTA

Tá an tAontas Eorpach bunaithe ar an smacht reachta. Bíonn gach rud a dhéanann an tAontas bunaithe ar chonarthaí, arna gcomhaontú go deonach agus go daonlathach ag tíortha AE. Is iad breithiúna neamhspleácha a chuireann an dlí agus an ceartas i bhfeidhm. Thug tíortha an Aontais dlínse deiridh don Chúirt Bhreithiúnais agus ní mór do chách a breithiúnais a urramú.

CEARTA AN DUINE

Is é Cairt um Chearta Bunúsacha an Aontais a chosnaíonn cearta an duine. Clúdaíonn siad seo an ceart chun a bheith saor ó idirdhealú ar bhonn gnéis, bunús ciníoch nó eitneach, reiligiún nó creideamh, míchumas, aois nó claonadh gnéasach, an ceart chun do shonraí pearsanta a chosaint, agus an ceart chun rochtain a fháil ar cheartas.


RÉIMSÍ GNÍOMHAÍOCHTA AE (rogha)

Inniúlacht Eisiach	Inniúlacht Chomhroinnte	Inniúlacht Tacaíochta
Aontas Custam	Margadh Aonair	Sláinte phoiblí
Rialacha iomaíochta	Fostaíocht agus gnóthaí sóisialta	Tionsclaíocht
Beartas airgeadaíochta	Talmhaíocht	Cultúr
Trádáil	Iascach	Turasóireacht
Plandaí agus ainmhithe mara	Comhshaol	Oideachas agus oiliúint, an óige agus spórt
	Cosaint tomhaltóirí	Cosaint shibhialta
	Iompar	Comhar riaracháin
	Líonraí tras-Eorpacha	
	Fuinneamh	
	Ceartas	
	Ceartha bunúsacha	
	Imirce agus gnóthaí baile	
	Sláinte phoiblí	
	Taighde agus an spás	
	Comhar forbartha agus cabhair dhaonnúil	

[Réimsí gníomhaíochta AE](#)



PRÓISEAS DÉANTA DLÍTHE AE





An Tionscnamh
Eorpach ó na
Saoránaigh



Oifig Foilseachán
an Aontais Eorpaigh

